# Líon na Bearnaí

## Sraith 6: Comhoibriú an Phobail

**Pictiúr 1**

Lá dá raibh Nóra agus Íde ag siúl síos príomhshráid an bhaile s'acu thug siad faoi deara nár scuabadh an tsráid le fada. Bhí __________den uile chineál caite ar na cosáin in gach aon áit. Bhí na boscaí bruscair féin ag cur thar ___________. Bhí buidéil, páipéar agus pacáistí le feiceáil ar fud na háite. Chuir an salachar ___________ orthu agus chinn siad ar rud éigin a dhéanamh chun feabhas a chur ar an scéal.

**Pictiúr 2**

Labhair siad ag an gcéad __________eile de Chomhairle Phobail an Bhaile. Tháinig slua mór agus d'éist siad go haireach le hÍde nuair a chuir sí fadhb an tsalachair ina láthair. Thug daoine __________ di nuair a luaigh sí tábhacht na timpeallachta. Dúirt duine amháin go gcaithfí feabhas a chur ar an gcóras ___________ ar an mbaile. D'iarr sé ar dhaoine teacht amach ar an Satharn dár gcionn. Mhol duine eile go ndéanfaí saol sóisialta mhuintir an bhaile a fheabhsú.

**Pictiúr 3**

Ghlan buíon ____________ an baile ó bhun go barr. Bhí "glacaire" nó teanchair fhada ag gach duine acu chun an bruscar a phiocadh suas. Chaith siad lámhainní ruibéir chun a lámha a chosaint. _____________ siad an bruscar agus chuir siad an t-ábhar in-athchúrsáilte i málaí ar leith. B'iontach an difear a rinne siad. D'fhág siad an phríomhshráid glan néata ____________tar éis a gcuid oibre. Bhí bród ar mhuintir an bhaile as a bpríomhshráid arís.

**Pictiúr 4**

___________ an Coiste Sóisialta ócáidí do sheanóirí an bhaile. Chuaigh Íde agus a cairde isteach sa Teach Altranais ar an mbaile agus chan siad amhráin do na háitreamhaigh. Thug siad ___________ d'Oifigeach Caidrimh na nGardaí labhairt le Comhairle an Phobail agus le muintir na háite. D'fhreastail slua breá ar an gcaint. D'inis sé dóibh faoin scéim "Pobal ar Aire". Mhínigh sé dóibh go gcaithfidis go léir bheith san ____________ maidir le slándáil.

**Pictiúr 5**

An chéad bheart eile a chuir Comhairle an Phobail ar ________ ná Ranganna Oíche do dhaoine fásta, ranganna d'aosaigh. D'éirigh leo trí cinn de ranganna a chur ar siúl gach seachtain sa Phobalscoil áitiúil: cócaráil, __________, agus gairneoireacht agus luibheolaíocht. Bhain daoine an-sásamh as na ranganna _________ agus d'éirigh go breá leo.

# Líon na Bearnaí

**Pictiúr 6**

Bhuaigh an baile __________ as an dul chun cinn a bhí déanta ag Comhairle an Phobail. Ba é an beart deiridh a rinne Comhairle an Phobail ná cur isteach ar Chomórtas na mBailte Slachtmhara. Iontas na n-iontas, _____________ siad duais €2,500 as bheith ar "An Baile Beag is Mó Feabhas". Bronnadh an duais ag ócáid _____________ in óstán mór agus chomh maith leis an seic fuair siad ___________breá agus ainm an bhaile greanta air.